**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0041/2024**

19.2.2024

# TUARASCÁIL

ar mholadh ó Pharlaimint na hEorpa chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála maidir leis an staid sa tSiria
(2023/2052(INI))

An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha

Rapóirtéir: Nathalie Loiseau

# CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHTMHOLADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................................3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ........................................................................................................15

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR ...............................................................................................................................16

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH........................................17

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........18

## DRÉACHTMHOLADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála maidir leis an staid sa tSiria**
**(2023/2052(INI))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint d'aontachas na Siria mar Bhallstát leis an Eagraíocht um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha an 14 Deireadh Fómhair 2013,

– ag féachaint don Choinbhinsiún maidir le Toirmeasc ar Fhorbairt, Táirgeadh, Stoc-Charnadh agus Úsáid Arm Ceimiceach agus maidir lena nDíothú, arna dhaingniú ag an tSiria an 14 Nollaig 2013;

– ag féachaint do Rún 2170 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe arna ghlacadh an 15 Lúnasa 2014 agus do Rún 2254 uaithi arna ghlacadh an 18 Nollaig 2015,

– ag féachaint do Rún 2533 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe arna ghlacadh an 11 Iúil 2020 agus Rún 2504 uaithi arna ghlacadh an 10 Eanáir 2020, maidir le trasnuithe teorann idir Bab al-Salam agus Bab al-Hawa agus maidir le cabhair dhaonnúil a sholáthar,

– ag féachaint do Rún 2664 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe arna ghlacadh an 9 Nollaig 2022,

– ag féachaint do Rún 2672 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe arna ghlacadh an 9 Eanáir 2023,

– ag féachaint do Rún 77/301 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 29 Meitheamh 2023, lena mbunaítear Institiúid Neamhspleách um Dhaoine atá ar Iarraidh i bPoblacht Arabach na Siria,

– ag féachaint do thuarascáil an 21 Eanáir 2021 ó Choimisiún Idirnáisiúnta Neamhspleách na Náisiún Aontaithe maidir le Poblacht Arabach na Siria chuig an 46ú seisiún rialta den Chomhairle um Chearta an Duine,

– ag féachaint do thuarascáil an 14 Lúnasa 2023 ó Choimisiún Idirnáisiúnta Neamhspleách na Náisiún Aontaithe maidir le Poblacht Arabach na Siria chuig an 54ú seisiún rialta den Chomhairle um Chearta an Duine,

– ag féachaint d'ordú an 16 Samhain 2023 ón gCúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta (CBI) maidir leis an iarraidh ar bhearta sealadacha a léiriú chun an Coinbhinsiún in aghaidh na Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionóis eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach (*Ceanada agus an Ísiltír* v. *Poblacht Arabach na Siria*) a chur i bhfeidhm,

– ag féachaint d'ordú an 14 Samhain 2023 ó Chúirt Bhreithiúnach Pháras (TJP) ina n-eisítear barántas gabhála idirnáisiúnta i gcoinne Uachtarán na Siria Bashar Al-Assad,

Maher Al-Assad, Ghassan Abbas agus Bassam Al-Hassan,

– ag féachaint do Chinneadh 2023/1035 ón gComhairle Eorpach an 25 Bealtaine 2023[1], lena gcuirtear síneadh le smachtbhannaí an Aontais go dtí an 1 Meitheamh 2024,

– ag féachaint do Riail 118 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (A9-0041/2024),

A. de bhrí gur theip ar phróisis na Ginéive agus Astana deireadh a chur leis an gcoinbhleacht agus comhlacht rialála aistritheach cuimsitheach a bhunú, ós rud é gur dhiúltaigh réimeas na Siria arís agus arís eile dul i mbun caibidlíocht dháiríre i gcomhair réiteach polaitiúil inchreidte leis an bhfreasúra; de bhrí gur bhain réimeas na Siria úsáid as rannpháirtíocht roghnaitheach i gcainteanna idirnáisiúnta mar oirbheart moillithe chun torthaí na gcainteanna idirnáisiúnta a neamhniú, agus ar an gcaoi sin fad a chur le fulaingt mhuintir na Siria;

B. de bhrí, ó 2011, go bhfuair 500 000 Siriach bás agus gur easáitíodh 14 mhilliún Siriach le lámh láidir mar gheall ar ghníomhaíochtaí foréigneacha ó ghrúpaí armtha agus grúpaí sceimhlitheoireachta, ach, go príomha, toisc gur chuir réimeas na Siria a dhaonra féin faoi chois agus go ndearna sé innealtóireacht dhéimeagrafach air le cabhair óna chomhghuaillithe; de bhrí gur áiríodh leis an gcur faoi chois sin úsáid arm ceimiceach, cnuasmhuinisin, buamaí loiscneacha, buamaí bairille, diúracán agus gnáth-aerbhuamála i gcoinne sibhialtach; de bhrí gur maraíodh na mílte sibhialtach mar thoradh ar na céadta ionsaithe ceimiceacha a rinne réimeas na Siria, lena n-áirítear an t-ionsaí saraine in Oirthear Ghouta i mí Lúnasa 2013; de bhrí go bhfuil ar a laghad 150 000 Siriach ar iarraidh i gcóras ollchoinneála treallaí an réimis, nár fuadaíodh níos lú ná 112 713 díobh le lámh láidir, agus gur minic a tharlaíonn básanna daoine atá faoi choimeád agus básuithe seachbhreithiúnacha; de bhrí nár cuireadh teaghlaigh ar an eolas fós faoina tharla dá ngaolta; de bhrí gurb é sin an ghéarchéim easáitithe is mó ar domhan faoi láthair; de bhrí gur fágadh leis an ngéarchéim go bhfuil thart ar 15.3 milliún duine sa tSiria a bhfuil cabhair dhaonnúil agus cosaint de dhíth orthu; de bhrí go ndearna na creathanna talún difear breise do 8.8 milliún duine i mí Feabhra 2023, rud a chuir leis na dúshláin dhaonnúla a bhí ann cheana sa tSiria agus ina tíortha comharsanachta; de bhrí, de réir thuarascálacha na Náisiún Aontaithe, go bhfuil 90 % de dhaonra na Siria ag maireachtáil faoi bhochtaineacht agus nach bhfuil earraí bunúsacha acu; de bhrí gur threoraigh ordú CBI don tSiria gach beart a dhéanamh atá de chumhacht aici a dhéanamh chun gníomhartha céastóireachta agus mí-úsáidí eile a chosc, tar éis di breithniú a dhéanamh ar thuarascálacha éagsúla ó Choimisiún Idirnáisiúnta Neamhspleách Fiosrúcháin na Náisiún Aontaithe maidir le Poblacht Arabach na Siria, inar thángthas ar an gconclúid go raibh ‘forais réasúnacha ann chun a chreidiúint gur lean an Rialtas [sa tSiria] de ghníomhartha céastóireachta agus drochíde a dhéanamh’; de bhrí go bhfuil an tSiria rangaithe mar 175 as 180 ar innéacs shaoirse an phreasa ó Thuairisceoirí gan Teorainneacha; de bhrí gur maraíodh 300 iriseoir gairmiúil agus neamhghairmiúil ar a laghad ó 2011 i leith; de bhrí, in ainneoin gur chuir réimeas na Siria a mhuintir faoi chois go brúidiúil, go leanann Siriaigh d’agóidí síochánta a eagrú in aghaidh an rialtais, go háirithe iad siúd i ngobharnóireacht Souweïda sa tSiria a bhfuil tromlach Druze inti, a thosaigh i mí

[1] Cinneadh (CBES) 2023/1035 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2023 lena leasaítear Cinneadh 2013/255/CBES a mhéid a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria, IO L 139, 26.5.2023, lch. 49.

Lúnasa 2023 agus a mheall na mílte agóideoirí, go háirithe mná, ó gach cearn den chúige thar roinnt seachtainí; de bhrí go bhfuiltear ag iarraidh sna léirsithe cearta polaitiúla, sibhialta agus daonna a bheith ag muintir na Siria go léir;

C. de bhrí go raibh ról millteach ag gníomhaithe eachtracha údarásacha, lena n-áirítear an Rúis agus an Iaráin agus a seachghrúpaí – mílíste Wagner agus Hezbollah na Liobáine – mílístí Iarácacha agus amhais Afganastánacha, chomh maith le seachghrúpaí áitiúla Siriacha, sa tír ó 2011 i leith; de bhrí go bhfeidhmíonn an tSiria mar láthair thástála don Rúis, ina ndéanann sí a cumais mhíleata, a hoirbheartaíocht agus a cumhdach lóistíochta a chleachtadh agus dá cumas chun idirghabháil mhíleata eachtrach a dhéanamh chun réimeas comhghuaillithe atá buailte go dona a shábháil; de bhrí nach bhfuil smacht ag réimeas na Siria ar an gcríoch náisiúnta ina iomláine agus nach féidir leis fanacht i gcumhacht ach amháin le brúidiúlacht agus le tacaíocht ó na gníomhaithe eachtracha sin; de bhrí go leanann an Rúis agus an Iaráin araon de bheith ina mórsholáthraithe trealaimh mhíleata don réimeas;

D. de bhrí go bhfuil roinnt imscrúduithe agus ionchúiseamh ar siúl maidir le coireanna tromchúiseacha a rinneadh sa tSiria bunaithe ar phrionsabal na dlínse uilechoitinne, rud a thugann dóchas áirithe sa streachailt ar son an cheartais agus na cuntasachta as gníomhartha céastóireachta, coireanna in aghaidh an chine dhaonna nó coireanna cogaidh sa tSiria; de bhrí go bhfuil barántas gabhála idirnáisiúnta eisithe ag an bhFrainc don deachtóir Siriach Bashar Al-Assad, a dheartháir Maher Al-Assad, atá ina cheann *de facto* ar scothaonad míleata sa tSiria, agus beirt Ghinearál sna fórsaí armtha a bhfuil comhpháirteachas curtha ina leith i gcoireanna in aghaidh an chine dhaonna i ndáil le hionsaithe le hairm cheimiceacha in 2013; de bhrí, chun smachtbhannaí agus idirghabháil mhíleata a d’fhéadfadh a bheith ann a chosc, gur chros an Rúis agus an tSín rúin maidir leis an tSiria atá urraithe ag tíortha an Iarthair agus tíortha Arabacha ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, agus ar an gcaoi sin gur chosain siad réimeas na Siria ar chuntasacht as a choireanna cogaidh;

E. de bhrí gur thacaigh réimeas na Siria le hionradh na Rúise ar an Úcráin agus gur thug sé aitheantas do na réigiúin Luhansk agus Donetsk atá faoi fhorghabháil in oirthear na hÚcráine; de bhrí go maíonn an Rúis gur sheol sí breis agus 63 000 pearsanra Rúiseach ó 2015 i leith, lena n-áirítear fórsaí speisialta, comhairleoirí míleata, pearsanra aerfhórsa agus conraitheoirí míleata príobháideacha amhail Grúpa Wagner, chun tacú le réimeas Assad agus chun é a chosaint ar chliseadh; de bhrí go ndearna an Rúis coireanna cogaidh go seasta sa tSiria, lena n-áirítear saoráidí leighis agus limistéir shibhialtacha a bhuamáil agus airm neamh-idirdhealaitheacha a úsáid; de bhrí go bhfuil dhá phríomh-bhunáit ag baint le lorg míleata na Rúise sa tír: Aerbhunáit Hmeimim agus bunáit chabhlaigh in Tartus, agus níos mó ná 100 láthair mhíleata níos lú ar fud na tíre; de bhrí gurb í an Rúis an soláthraí arm is mó do réimeas Assad arb ionann luach na ndíolachán agus na billiúin Euro;

F. de bhrí go bhfuil iarracht déanta ag Hezbollah airm a fháil ón Iaráin trí chríoch na Siria; de bhrí go ndearna Iosrael aerbhuamáil arís agus arís eile chun na haistrithe arm sin a chosc, lena n-áirítear ar Aerfort Damaisc agus Aerfort Aleppo i mí Dheireadh Fómhair 2023 i ndiaidh na n-ionsaithe sceimhlitheoireachta a rinne Hamas ar shibhialtaigh Iosraelacha an 7 Deireadh Fómhair; de bhrí go raibh an choinbhleacht idir Iosrael agus Hamas, arna spreagadh ag na hionsaithe sceimhlitheoireachta a rinne Hamas

i gcoinne Iosrael an 7 Deireadh Fómhair 2023, ina chúis le timthriall athnuaite foréigin sa réigiún; de bhrí nach mór don tSiria staonadh ó aon rannpháirtíocht mhíleata sa chogadh i Stráice Gaza; de bhrí gur cuireadh stop sealadach le hAersheirbhís Dhaonnúil na Náisiún Aontaithe mar thoradh ar an aerbhuamáil líomhnaithe Iosraelach in Aleppo agus sa Damaisc; de bhrí, ó ionsaí brúidiúil Hamas ar Iosrael an 7 Deireadh Fómhair 2023, go bhfuil dlús curtha ag mílístí sa tSiria, arna dtacú ag an Iaráin, le scaoileadh drón agus roicéad le hIosrael agus le fórsaí ó SAM agus fórsaí idirnáisiúnta in oirthuaisceart na Siria; de bhrí gur bhain an Iaráin úsáid as aerfoirt na Siria chun airm a iompar ón Iaráin agus ón Iaráic chuig an tSiria agus Hezbollah sa Liobáin, agus chun cabhrú leis an Iaráin airm a sholáthar do Hamas; de bhrí gur dhúnmharaigh an réimeas na mílte Palaistíneach Siriach agus dídeanaithe Siriacha;

G. de bhrí go mbíonn an Tuirc, a bhfuil críocha i dtuaisceart na Siria á bhforghabháil aici, ag tabhairt go rialta faoi oibríochtaí míleata ar mórscála ar chríoch na Siria go díreach agus trí sheachghrúpaí, ag díriú go háirithe ar limistéir atá i seilbh na gCoirdíneach; de bhrí gur sárú ar an dlí idirnáisiúnta iad idirghabhálacha míleata aontaobhacha na Tuirce in oirthuaisceart na Siria; de bhrí, i mí Dheireadh Fómhair 2023, gur vótáil Parlaimint na Tuirce chun síneadh dhá bhliain eile a chur leis an sainordú lena gceadaítear oibríochtaí míleata sa tSiria; de bhrí gur cheart don Tuirc deireadh a chur lena forghabháil neamhdhleathach ar thuaisceart na Siria agus a fórsaí míleata agus a seachfhórsaí paraimíleata a tharraingt siar;

H. de bhrí go ndearna an Stát Ioslamach san Iaráic agus sa tSiria (ISIS) sáruithe córasacha tromchúiseacha ar chearta an duine agus sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus cinedhíothú, sna críocha atá faoina rialú go sealadach roimh idirghabháil ón gcomhghuaillíocht idirnáisiúnta; de bhrí gur bunaíodh comhghuaillíocht leathan idirnáisiúnta in 2014 chun ISIS a chloí, ina raibh 86 chomhalta den chomhghuaillíocht, a rinne gealltanas i leith na spriocanna maidir le tacaíocht mhíleata a sholáthar do chomhpháirtithe, bac a chur ar an sreabhadh trodaithe eachtracha, stop a chur le maoiniú agus cistiú ISIS, aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna daonnúla sa réigiún agus fíorchineál na ngluaiseachtaí jiohádacha a nochtadh;

I. de bhrí go bhfuil sócmhainní 289 nduine aonair agus 70 eintiteas a bhí rannpháirteach go díreach sna gníomhaíochtaí a chuireann muintir na Siria faoi chois faoi réir smachtbhannaí an Aontais; de bhrí, toisc go leanann an Rúis de bhaic a chur i gComhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, nach bhfuil ach pointe trasnaithe amháin á áirithiú idir an Tuirc agus na limistéir nach bhfuil faoi smacht an réimis sa tSiria chun cabhair dhaonnúil idirnáisiúnta a sheachadadh; de bhrí gur úsáideadh trasnú Bab-al Hawa ó 2014 i leith chun faoiseamh trasteorann a sheachadadh ón Tuirc chuig an tSiria le húdarú ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe; de bhrí gur mhinic a chuireadh an Rúis bac ar athnuachan an údaraithe sin i gComhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus, ar deireadh, gur chros sí an t-údarú don chonair cabhrach i mí Iúil 2023, ar fhan Bab-al Hawa dúnta dá bhrí sin; de bhrí, i mí Mheán Fómhair 2023, mar thoradh ar an gcaibidlíocht idir gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe, réimeas na Siria, agus Hay'et Tahrir al-Sham, an grúpa armtha ceannasach in Idlib, gur tosaíodh seachadadh cabhrach trí Bab al-Hawa arís agus gur cuireadh síneadh trí mhí eile le conairí cabhrach na dtrasnuithe teorann Bab al-Salam agus Al-Rai, ar chomhaontaigh réimeas na Siria ar a n-oscailt tar éis an chreatha talún mhilltigh i mí Feabhra 2023; de bhrí nach eol na coinníollacha faoinar thug réimeas na Siria agus Hay'et Tahrir al-Sham údarú do na

Náisiúin Aontaithe seachadadh cabhrach a atosú trí na trí thrasnuithe teorann; de bhrí go bhfuil saineolaithe iomráiteacha sa dlí daonnúil idirnáisiúnta in amhras an bhfuil údarú ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe ag teastáil maidir le cabhair trasteorann ó na Náisiúin Aontaithe;

J. de bhrí go bhfuil roinnt tíortha sa réigiún tar éis tús a chur lena gcaidreamh le réimeas na Siria a normalú, as ar eascair athimeascadh na Siria i Léig na Stát Arabach arna chinneadh ag airí gnóthaí eachtracha na Léige an 7 Bealtaine 2023, i gCaireo, in ainneoin go bhfuil sé cruthaithe go bhfuil coireanna tromchúiseacha idirnáisiúnta déanta ag an tSiria agus nach bhfuil aon léiriú go bhfuil deireadh curtha lena cleachtais mhí-úsáideacha; de bhrí go bhfuil meithleacha Léig na Stát Arabach curtha ar fionraí ó mhí Mheán Fómhair 2023 i leith, toisc nár urramaigh réimeas na Siria a ghealltanais, lena n-áirítear an gháinneáil ar dhrugaí a theorannú, filleadh sábháilte dídeanaithe a éascú, príosúnaigh pholaitiúla a scaoileadh saor agus cabhair dhaonnúil chuig gach limistéar a cheadú; de bhrí gur cuireadh cruinnithe idir Léig na nArabach agus ionadaithe réimeas na Siria ar fionraí idir an dá linn; de bhrí nach ndearnadh aon ghníomhaíocht ó glacadh rún ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Márta 2021 maidir leis an gcoinbhleacht sa tSiria – 10 mbliana tar éis an éirí amach[2], chun a áirithiú nach féidir tearmann a thabhairt d'amhrastaigh i leith coireanna chogaidh i mBallstát den Aontas, go háirithe nuair atá Ballstáit eile den Aontas tar éis diúltú dá n-iarratas ar thearmann cheana féin;

K. de bhrí gurb iad an tAontas agus a Bhallstáit na príomhdheontóirí do na daonraí dá ndearna difear mar gheall ar an gcoimhlint ó 2011 i leith, agus os cionn EUR 30 billiún deonaithe acu; de bhrí gurbh ionann an cabhair Eorpach a gealladh i gcomhdháil na Bruiséile i mí Meitheamh 2023 agus EUR 3.8 billiún as EUR 5.6 billiún ar an iomlán; de bhrí gur sholáthair an tAontas agus na Ballstáit cabhair éigeandála nuair a bhí an tSiria buailte ag an gcrith talún agus, ar an 23 Feabhra 2023, gur chinn an tAontas eisceacht shealadach dhaonnúil a thabhairt i leith na smachtbhannaí chun seachadadh na cabhrach do na híospartaigh a éascú; de bhrí go dtugann na Náisiúin Aontaithe rabhadh go bhfuil 90 % de dhaonra na Siria ag maireachtáil faoi bhun thairseach na bochtaineachta, agus go bhfuil go leor Siriach anois ann faoi dhálaí atá níos measa fós ná na dálaí a bhí ann le linn bhlianta na coinbhleachta; de bhrí go meastar sa Chlár Domhanda Bia go bhfuil 12.4 milliún Siriach ag fulaingt neamhshlándáil an tsoláthair bia, arb ionann é sin agus beagnach 60 % den daonra; de bhrí gurb é réimeas Assad is mó atá freagrach as an staid uafásach atá ann faoi láthair;

L. de bhrí nach bhfuil an réimeas ag freastal ar bhunriachtanais an daonra go leordhóthanach, go bhfuil staid eacnamaíoch na tíre thar a bheith forbhásach agus go bhfuil an tSiria tiontaithe ina narcastát, rud a dhíchobhsaigh an réigiún tuilleadh; de bhrí go leanann abhcóidí daonnúla agus cleachtóirí daonnúla d'ábhair imní maidir le slándáil agus cosaint na dteifeach fillte agus na ndaoine easáitithe a chur in iúl i bhfianaise na ndálaí in go leor limistéir den tír agus, go n-ardaíonn siad ceisteanna faoi chur chuige Réimeas na Siria i leith an athmhuintearais pholaitiúil; de bhrí go gcuireann sé sin bac ar dhul chun cinn sóisialta agus eacnamaíoch na Siria, chomh maith lena bealach amach as an ngéarchéim;

M. de bhrí, de réir tuarascáil ón Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i

[2] IO C 474, 24.11.2021, lch. 130.

nDrugaí (EMCDDA) agus ó Oifig Cónaidhme Póilíneachta Coiriúla (BKA) na Gearmáine ó mhí Mheán Fómhair 2023, gur príomhphointe trasloingsithe í an Eoraip le haghaidh Captagon (*fenethylline*) a thagann ón Meánoirthear, ón tSiria agus ón Liobáin go príomha, agus atá ar an mbealach go Leithinis na hAraibe; de bhrí gur chuir tíortha sa réigiún cosc ar allmhairiú torthaí agus glasraí ón Liobáin mar iarracht chun bheith níos déine ar smuigléireacht ar Captagon; de bhrí go bhfuil an Eoraip anois ina ceann scríbe agus ina mol idirthurais coitianta freisin do Captagon, agus de réir an Lárionaid Faireacháin Eorpaigh um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí gur urghabhadh os cionn milliún táibléad agus beagnach 2 000 cileagram de Captagon ó 2018 i leith; de bhrí, i mí Aibreáin 2023, gur ghearr an tAontas smachtbhannaí ar 25 dhuine aonair agus ar 8 n-eintiteas sa tSiria as a rannpháirtíocht i ngáinneáil támhshuanach;

N. de bhrí gur tharla ráig eipidéime calar ar fud na tíre i mí Lúnasa 2022, atá fós ar siúl, mar thoradh ar scriosadh agus faillí réimeas na Siria ar fhoinsí uisce agus ar an gcóras cúraim sláinte; de bhrí go bhfuil an t-oideachas poiblí faoi bhrú sa tSiria agus sna tíortha ina bhfuil dídeanaithe ón tSiria á n-óstáil, agus nach bhfuil aon chineál oideachais á fháil ag thart ar leath de dhaonra na Siria atá in aois scoile (beagnach 2.4 milliún dalta), rud a fhágann go bhfuil go leor leanaí ag fulaingt ó na tionchair shíceasóisialta a bhaineann le coinbhleacht agus easáitiú fada; de bhrí, de réir UNESCO, nach gcomhlíonann ach thart ar leath de na daoine óga idir 15 agus 24 bliana d’aois sa tSiria na híosleibhéil inniúlachta a bhfuiltear ag dréim leo i scileanna litearthachta, uimhearthachta agus saoil;

O. de bhrí, de réir Ghníomhaireacht Dídeanaithe na Náisiún Aontaithe (UNHCR), gur mhaith le formhór na ndídeanaithe ón tSiria filleadh ar an tSiria ach go bhfuil ábhair imní dhlisteanacha acu ó thaobh na slándála de; de bhrí go gciallaíonn sé sin, i gcás na staide reatha, gurb é an t-athlonnú agus na conairí comhlántacha an réiteach is inmharthana fós do dhídeanaithe ón tSiria; de bhrí gur chinn Coimisiún Idirnáisiúnta Neamhspleách Fiosrúcháin na Náisiún Aontaithe maidir le Poblacht Arabach na Siria, sa tuarascáil is déanaí uaidh dar dáta mí Mheán Fómhair 2023, go raibh an éiginnteacht fós ann go forleathan i bhfad níos faide amach ó na línte tosaigh, rud a fhágann go bhfuil filleadh sábháilte dídeanaithe ón tSiria neamhdhealraitheach, agus gur tháinig sé ar an gconclúid thairis sin go raibh cásanna sonracha doiciméadaithe aige gur thug fórsaí slándála na Siria drochíde do dhídeanaithe Siriacha a bhí ag filleadh ó thíortha comharsanachta;

1. á mholadh don Chomhairle, don Choimisiún agus do Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, maidir lena mbeartas *vis-à-vis* an tSiria, na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh:

***Próiseas polaitiúil***

(a) a mheabhrú go dtacaíonn an tAontas go láidir le mianta daonlathacha na Siria atá fós ann sa tír, in ainneoin chur faoi chois iomlán an réimis ó tharla na stailceanna síochánta in 2011, a dtugtar cabhair mhíleata agus airgeadais chinntitheach i leith an chur faoi chois sin ón Iaráin agus ón Rúis ionas go gcoinníonn Assad agus a leathbhádóirí a gcuid cumhachta; deonú conarthaí ag an réimeas a cháineadh lena gceadaítear don Rúis agus don Iaráin rochtain a fháil ar acmhainní na tíre a mbíonn muintir na Siria thíos leis dá bhrí sin;

(b) béim a chur ar fhreagracht áirithe an réimis, gan beag a dhéanamh den ról atá ag ISIS agus ag grúpaí armtha agus sceimhlitheoireachta eile, as an leathmhilliún sibhialtach a fuair bás, as milleadh na tíre, as easáitiú thromlach an daonra, as céasadh agus fuadach forfheidhmithe 112 713 duine[3] ar a laghad sa chóras ollchoinneála treallaí, as úsáid arm ceimiceach in aghaidh sibhialtach agus as gach freasúra síochánta daonlathach a threascairt go córasach;

(c) cur in aghaidh normalú an chaidrimh le réimeas Assad mura ndéantar forbairtí móra infhíoraithe ar chur chun feidhme Rún 2254 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear saoradh na bpríosúnach polaitiúil, teaghlaigh na n-íospartach a chur ar an eolas maidir leis na daoine atá ar iarraidh agus íospartaigh fuadach forfheidhmithe agus stop a chur le gach ionsaí ar an gcabhair dhaonnúil agus gach bac uirthi; a iarraidh ar Bhallstáit an Aontais staonadh ó bhearta lena lagaítear comhsheasamh an Aontais maidir leis an tSiria nó lena mbaintear an bonn uaidh; a chur i bhfáth, in ainneoin an chinnidh cheannasaigh a rinne stáit Arabacha áirithe chun an tSiria a ligean ar ais isteach i Léig na Stát Arabach, nár léirigh réimeas na Siria in aon chor gur mian leis an gháinneáil ar dhrugaí a cuireadh ar bun sa tír, ach a dhéanann difear don réigiún ar fad, a chomhrac; cáineadh a dhéanamh ar smacht theaghlach Assad agus a chomhghuaillithe, amhail Hezbollah, ar an margadh don druga Captagon, a meastar a bhfuil luach USD 57 mbilliún ar an ngnó a bhaineann leis; a chur i bhfios go bhfuil deartháir Bashar Al-Assad, Maher Al-Assad, i gceannas ar an aonad den arm a bhfuil sé de chúram air táirgeadh an druga a éascú; tacú le freagairt slándála chomhordaithe an Aontais chun an tAontas a chosc óna bheith á úsáid mar chrios trasloingsithe do Captagon a tháirgtear sa tSiria agus sa Liobáin;

(d) a chur i bhfios go láidir gurb iad an cur faoi chois, an fhaillí agus an t-éilliú ón réimeas atá freagrach as an drochstaid eacnamaíoch atá ann; a mheabhrú nach bhfuil smachtbhannaí an Aontais dírithe ach amháin ar dhaoine aonair agus ar eintitis a bhfuil baint acu leis an gcur faoi chois sin; aghaidh a thabhairt ar shaincheist an ró-chomhlíonta airgeadais a d’fhéadfadh cosc a chur ar ghrúpaí cabhrach cistí a aistriú isteach sa tír agus cláir a reáchtáil nó an fhoireann agus na soláthraithe áitiúla a íoc, fiú nuair atá na hidirbhearta chun tacú le gníomhaíochtaí atá díolmhaithe ó smachtbhannaí; a chur i dtreis, áfach, nach mór do bhearta sriantacha an Aontais leanúint de bheith spriocdhírithe, leanúint de dhíolúintí le haghaidh cabhair dhaonnúil a áirithiú, agus tús áite a thabhairt do sheachadadh cabhrach ar an leibhéal áitiúil;

(e) eisceachtaí láidre, fairsinge agus soiléire a thabhairt go tapa d’eagraíochtaí daonnúla idirnáisiúnta iontaofa; léirmhíniú na mBallstát a chomhchuibhiú, a mhéid is féidir, i leith an Rialacháin maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria, agus Rún 2664 (2022) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir leis an gcabhair dhaonnúil a chur i bhfeidhm air;

(f) aitheantas a thabhairt do mhisneach na n-agóideoirí i gcathracha Souweïda agus Deraa, atá ag éirí amach go síochánta i gcoinne réimeas Assad ó Lúnasa 2023; dul i gcomhairle le líonraí na sochaí sibhialta don tSiria san Eoraip agus sa tSiria a bhfuil luachanna daonlathacha acu agus a dhéanann iarracht cosantóirí chearta an duine

[3] *Syrian Network for Human Rights*, *12th Annual Report on Enforced Disappearance in Syria on the International Day of the Disappeared: Enforced Disappearance is an Ongoing Crime in Syria,* 30 Lúnasa 2023.

agus gníomhaithe sa réigiún a chosaint agus tacaíocht fhadtéarmach, sholúbtha agus lárnach a sholáthar dóibh; gach cineál idirdhealaithe reiligiúnaigh a cháineadh, agus áitiú do gach duine cearta na ngrúpaí eitneacha agus reiligiúnacha agus na mionlach sa tSiria a urramú, lena n-áirítear Críostaithe, Druze, Coirdíngh, Alabhaítigh agus gach mionlach eile; cáineadh láidir a dhéanamh ar bholscaireacht fhrithsheimíteach agus ar shéanadh cheart Iosrael a bheith ann, ar gné lárnach í de theachtaireacht fhoriomlán theaghlach Bashar Al-Assad; a áirithiú go bhfuil an t-oideachas agus ábhair oideachais i gcomhréir leis na prionsabail sin; iarraidh ar aon duine a easáitíodh leanúint de bheith ina gcónaí nó filleadh ar a dtír dhúchais stairiúil agus thraidisiúnta le dínit, comhionannas agus sábháilteacht, agus a bheith in ann a reiligiún agus a gcreideamh a chleachtadh gan bheith faoi réir aon chineáil comhéigin, foréigin ná idirdhealaithe; tacú leis an idirphlé idirchreidimh;

***Slándáil***

(g) a chur in iúl gur saoth leo láithreacht leanúnach na gcéadta bunáiteanna Iaránacha, Turcacha agus Rúiseacha agus mílístí Iaránacha agus Rúiseacha ar chríoch na Siria; a chur in iúl gur cúis bhuartha dóibh dúshaothrú eacnamaíoch na tíre ag cumhachtaí eachtracha creachacha; cáineadh a dhéanamh ar na hionsaithe agus ar an bhforghabháil a rinne fórsaí na Tuirce ar chríocha thuaisceart na Siria chomh maith leis an bhfeachtas míleata brúidiúil athnuaite atá á dhéanamh ag rialtas na Siria agus ag an Rúis in iarthuaisceart na Siria, lena n-áirítear ar thargaidí sibhialtacha; a chur in iúl gur cúis mhór bhuartha dóibh go leanann freasúra Ioslamaíoch de bheith i láthair i gcúige Idlib; tacú le coinneáil na comhghuaillíochta idirnáisiúnta i gcoinne ISIS, atá fós gníomhach sa tSiria in ainneoin treascairtí tábhachtacha; iarraidh ar iarracht dhiongbháilte idirnáisiúnta chun leanúint dá comhrac i gcoinne ISIS sa tSiria go dtí go ndíchuirfear go hiomlán é; a mheabhrú gur sárú tromchúiseach ar an dlí idirnáisiúnta iad gníomhaíochtaí míleata aontaobhacha na Tuirce agus go bhfuil an bonn bainte de chobhsaíocht agus de shlándáil an réigiúin ina iomláine leo; deireadh a chur leis na líonraí jiohádacha atá i mbun feachtais sa tSiria agus san Iaráic agus a mbaill a rianú agus a ionchúiseamh, a bhí i gceannas ar níos mó ná 5 000 trodaí eachtracha a ndearna siad radacú orthu, a d’earcaigh siad agus a thug siad isteach ón Eoraip; leanúint de thacaíocht a thabhairt don Chomhghuaillíocht Dhomhanda chun ISIS a Chomhrac i leith modhanna polaitiúla, airgeadais, oibríochtúla agus lóistíochta;

(h) ról Fhórsaí Daonlathacha na Siria sa chomhrac in aghaidh ISIS in iarthuaisceart na Siria a chur i bhfáth;

(i) tathant ar na Ballstáit leanúint d’aisdúichiú a náisiúnach atá sna campaí príosúin jiohádacha Al-Hol agus Roj a chur i gcrích agus breithiúnas a thabhairt orthu, i dtrialacha cothroma, as aon choir atá déanta acu; a chur in iúl gur cúis mhór imní dóibh an staid dhaonnúil, shláintíoch agus slándála atá ag dul in olcas sna campaí in oirthuaisceart na Siria, go háirithe sna campaí Al-Hol agus Roj, atá fós ina ngorlanna don radacú; iarraidh ar na Ballstáit na leanaí Eorpacha uile a aisdúichiú, agus tacaíocht leordhóthanach agus ath-lánpháirtiú a chur ar fáil dóibh; iarraidh ar na Ballstáit aisdúichiú leanaí uile náisiúnaigh tríú tíortha a chur chun cinn i ngach caidreamh déthaobhach agus i ngach comhlacht idirnáisiúnta, agus an dlí idirnáisiúnta á urramú go hiomlán;

(j) dlús a chur lena n-iarrachtaí chun an bhréagaisnéis ón Rúis agus ón Iaráin maidir leis an tSiria a chomhrac, lena n-áirítear bréagaisnéis in Araibis; na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfidh ardáin ar líne go mór lena gcomhrac i gcoinne na bréagaisnéise sa réigiún, go háirithe trí chainteoirí Araibise a earcú chun ábhar ar líne a mhodhnú;

(k) cáineadh a dhéanamh ar lainseáil roicéad ag fórsaí na Siria ó chríoch na Siria i dtreo Iosrael agus Arda Golan atá á bhforghabháil ag Iosrael, agus ar sheoladh drón neamharmtha go tuaisceart Iosrael; cáineadh a dhéanamh ar na hiarrachtaí atá déanta arís agus arís ag Hezbollah airm a fháil ón Iaráin trí chríoch na Siria; cáineadh a dhéanamh ar dhearcadh ceadaitheach réimeas Assad i leith Al-Qaeda agus grúpaí sceimhlitheoireachta eile, go háirithe maidir le hiarrachtaí éascaithe i gcoinbhleacht na hIaráice, ós rud é gur chothaigh sé fás Al-Qaeda, ISIS, agus líonraí sceimhlitheoireachta cleamhnaithe laistigh den tSiria;

(l) a chur i bhfios go láidir go bhfuil cuid de chríoch na Siria in Arda Golan forgafa ag Iosrael ó 1967 i leith agus go bhfuil ionsaithe aeir agus cineálacha eile ionsaithe ar chríoch na Siria fós á seoladh ag arm Iosrael;

(m) a áirithiú go ndéanfar rúin, tuarascálacha agus cinntí an Aontais a bhaineann leis an tSiria a aistriú go hAraibis;

***An tsaoirse ó phionós a chomhrac***

(n) a chur i bhfáth gur réamhriachtanas é an comhrac i gcoinne saoirse ó phionós sa tSiria d'aon réiteach amach anseo don ghéarchéim atá fós ar siúl, agus gur riachtanas morálta agus polaitiúil é don Eoraip agus don chomhphobal idirnáisiúnta; a chur in iúl gur geal leo dul chun cinn breithiúnach na foirne Comhpháirtí Imscrúdaithe Franc-Ghearmánach do choirp na 11 000 íospartach céasta a sainaithníodh i tuarascáil César agus fionraí na Siria ón Eagraíocht Idirnáisiúnta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha; a chur in iúl gur geal leo gur eisigh cúirteanna na Fraince barántais ghabhála idirnáisiúnta i mí na Samhna 2023 i gcoinne Bashar Al-Assad, a dheartháir Maher Al-Assad agus dhá ghinearál, as coireanna in aghaidh an chine dhaonna i ndáil le hionsaithe le hairm cheimiceacha i gcoinne sibhialtach; a chur in iúl gur geal leo ordú CBI ina n-ordaítear don tSiria gach beart a dhéanamh atá de chumhacht aici chun gníomhartha céastóireachta agus mí-úsáidí eile a chosc tar éis don Ísiltír agus do Cheanada cás a chur isteach maidir leis an sárú a rinne an tSiria ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta in aghaidh an Chéastóireachta; a chur in iúl gur geal leo freisin an dul chun cinn atá déanta sa Ghearmáin, sa Fhrainc agus sa tSualainn maidir le coirpigh ón tSiria a thabhairt os comhair na cúirte, amhail trí na trialacha coiriúla in Koblenz agus in Frankfurt; Ballstáit uile an Aontais a spreagadh chun dlínse uilíoch a chur chun feidhme, i gcás inarb infheidhme maidir leis an ord bunreachtúil faoi seach; tacú le hiarrachtaí ceannairí réimeas na Siria a thabhairt os comhair na cúirte; comhthiomsú saineolaithe agus ateangairí a iarraidh idir na húdaráis bhreithiúnacha agus phóilíneachta, agus a iarraidh go n-ainmneofar ionchúisitheoir poiblí haghaidh coireanna in aghaidh na daonnachta i ngach Ballstát; iarraidh ar Bhallstáit an Aontais aonaid speisialaithe coireachta cogaidh a bhunú laistigh de sheirbhísí forfheidhmithe dlí agus ionchúisimh, sna cásanna sin nach ann dóibh cheana, agus a áirithiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu; na Ballstáit a

spreagadh chun aird ar leith a thabhairt ar ghníomhaíochtaí sheirbhísí faisnéise na Siria agus ar an tionchar atá acu ar dhiaspóra na Siria, agus iad a chosc, lena n-áirítear finnéithe a chosaint; a iarraidh go ndéanfaí scoláireachtaí Eorpacha a bhronnadh go sonrach ar Shiriaigh a bhfuil oiliúint bhreithiúnach á lorg acu don chomhrac i gcoinne na saoirse ó phionóis;

(o) a thathant go ndéanfar faisnéis a mhalartú go huathoibríoch idir na Ballstáit uile faoi na coirpigh chogaidh ar diúltaíodh a n-iarratais ar thearmann faoi Airteagal 1(F) den Choinbhinsiún i dtaobh Stádas Dídeanaithe; iarraidh ar na Ballstáit ciste Eorpach a bhunú d'íospartaigh sáruithe tromchúiseacha ar an dlí idirnáisiúnta sa tSiria, lena n-áirítear íospartaigh na céastóireachta, trí chistí atá ann cheana atá nasctha le sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta sa tSiria laistigh dá ndlínsí a shainaithint, amhail breithiúnais airgeadaíochta, smachtbhannaí, fíneálacha agus pionóis, orduithe forghéillte, cistí a reoitear toisc go bhfuil siad nasctha le maoin a fuair réimeas na Siria go neamhdhleathach, agus ioncam eile; a iarraidh go bhforbrófaí creat dlíthiúil lena bhféadfar na cistí sin a aistriú chuig teaghlaigh na n-íospartach, lena n-áirítear íospartaigh na céastóireachta; a mheabhrú nach mór na cistí sin a dhearadh go cúramach i gcomhar iomlán le teaghlaigh na n-íospartach; a aithint gurb ann do bhagairt leanúnach na gáinneála aindleathaí ar ealaín chreachta agus ar earraí cultúrtha ón tSiria ag réimeas Assad agus ag ISIS araon; plean gníomhaíochta an Aontais i gcoinne na gáinneála ar earraí cultúrtha a neartú in éineacht leis an gcomhar le tríú tíortha chun a áirithiú go ndéanfar earraí cultúrtha a chosaint, a bhaint ón margadh dubh, agus go ndéanfar iad a aisdúichiú chuig na tíortha tionscnaimh i gcás inar féidir i bhfianaise na ndálaí atá ann; a chur in iúl gur geal leo glacadh Rún ó na Náisiúin Aontaithe an 29 Meitheamh 2023 lena mbunaítear Institiúid do Dhaoine atá ar Iarraidh sa tSiria, agus maoiniú leantach an tSásra Idirnáisiúnta, Neamhspleách agus Neamhchlaonta chun tacú leis na fiosrúcháin faoi na coireanna ba thromchúisí a rinneadh sa tSiria ó 2011 i leith; tathant ar an Aontas agus ar a Bhallstáit cur le liosta na ndaoine atá faoi réir smachtbhannaí spriocdhírithe faoi Chóras Domhanda Smachtbhannaí an Aontais i ndáil le Cearta an Duine (Acht Magnitsky an Aontais mar a thugtar air), lena n-áirítear ceannasaithe sibhialtacha agus míleata na Siria agus na Rúise a bhféadfadh freagracht cheannasaíochta a bheith orthu as coireanna cogaidh, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus sáruithe tromchúiseacha eile a rinneadh in iarthuaisceart na Siria nó a raibh baint acu leo go hinchreidte;

***Cabhair dhaonnúil agus dídeanaithe***

(p) tathant ar an bpobal idirnáisiúnta, le linn Chomhdháil na Bruiséile 2024, a chabhair dhaonnúil a mhéadú go práinneach do na 15.3 milliún Siriach atá ag brath uirthi go laethúil; a áitiú go mbeidh rochtain ar uisce glan, lena n-áirítear uisce óil, uisce sláintíochta agus uisce chun críocha talmhaíochta, ar oideachas foirmiúil, do chailíní agus do mhná freisin, ar sholáthar fuinnimh, ar bhreoslaí mótair inacmhainne, ar oideachas agus ar thacaíocht bhuiséadach fhadtéarmach atá saincheaptha do riachtanais na mban; díriú ar chabhair dhaonnúil a dhíriú go háirithe ar uisce glan, fuinneamh inacmhainne, téamh, cúram sláinte agus táirgí sláinte; iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí chun tacú le hobair na sochaí sibhialta áitiúla agus na n-eagraíochtaí atá faoi stiúir dídeanaithe; béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé do ghníomhaireachtaí cabhrach cuntasacht a threisiú do

thairbhithe an chúnaimh agus gníomhú bunaithe ar a n-aiseolas agus a riachtanais, i gcomhréir leis an bprionsabal ‘cuntasacht le haghaidh na bpobal a ndéantar difear dóibh’; a mheabhrú gurb é an tAontas an phríomhdheontóir sa réimse seo; aitheantas a thabhairt do na hiarrachtaí leantacha ón Liobáin, ón Iordáin, ón Tuirc agus ón Iaráic chun 6 mhilliún dídeanaithe a óstáil le linn dálaí eacnamaíocha deacra; a mheabhrú do na tíortha sin go bhfuil sé d’oibleagáid orthu cloí leis an dlí idirnáisiúnta i ndáil leis sin; a athdhearbhú gur gá stádas na ndídeanaithe a ráthú, go háirithe sna príomhthíortha óstacha arb iad sin an Tuirc, an Liobáin, an Iordáin agus an Iaráic, agus staonadh ó aon idirdhealú i leith mionlach; aitheantas a thabhairt d’oidhreacht chultúrtha ollmhór na Siria mar chuid mhór d’oidhreacht chultúrtha an domhain agus mar fhoinse réiteach ar roinnt fadhbanna sa tír; aitheantas a thabhairt don Aramais mar mhionteanga atá i mbaol, ós rud é nach bhfuil sí á labhairt ach ag thart ar 100 000 duine sa tSiria, agus san Eoraip tá an líon sin chomh hard le 500 000 duine;

(q) cáineadh láidir a dhéanamh ar an iliomad crosta atá déanta ag an Rúis i gcoinne cabhair a thabhairt do mhuintir thuaisceart na Siria, go háirithe a crosta maidir le Rún 2672 (2023) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a athnuachan, rud a fhágann nach gceadaítear rochtain dhaonnúil a leathnú trí Bab al-Hawa; cáineadh a dhéanamh arís ar a hiarrachtaí chun íomhá an ghrúpa na Clogaid Bhána (Cosaint Shibhialta Shiria) a mhilleadh; a chur i bhfáth go bhfuil ról suntasach ag na Clogaid Bhána maidir le sibhialtaigh na Siria a tharrtháil; moladh a thabhairt i leith obair na n-iriseoirí, na mblagálaithe agus na ndaoine aonair chomh maith le hobair na n-eagraíochtaí, amhail na Clogaid Bhána, a leanann, in ainneoin bhrúidiúlacht an réimis, dá gcuid oibre a dhéanamh sa tír, tríd an bpobal idirnáisiúnta a choinneáil ar an eolas, tacaíocht a thabhairt d’íospartaigh ar an láthair agus a bhfócas a choinneáil ar thodhchaí na tíre; a thabhairt dá haire gur chinn an rialtas rochtain bhreise a thabhairt do ghníomhaireachtaí daonnúla agus comhpháirtithe daonnúla na Náisiún Aontaithe tríd an gconair Bab al-Hawa go dtí an 13 Eanáir 2024, agus Bab al-Salam agus al-Rai go dtí an 13 Feabhra 2024; a mheabhrú do na páirtithe uile atá freagrach go bhfuil dearbhghá leis an rochtain sin a choinneáil ar fáil; tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, i gcomhthreo le gníomhaíocht taidhleoireachta láidir ar leibhéal Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, oibriú na dtrasnuithe teorann Bab al-Hawa, Bab al-Salaam agus al-Rai a fháil ar feadh 12 mhí bhreise ar a laghad; féachaint ar an bhféidearthacht acmhainní a chur tríd an ‘Ciste Cabhrach do Thuaisceart na Siria’ a bunaíodh le déanaí freisin; cáineadh a dhéanamh ar iarrachtaí córasacha réimeas na Siria chun cabhair dhaonnúil idirnáisiúnta a atreorú chuig na mílístí agus chun an ráta malairte a ionramháil chun tromlach na cabhrach atá ag dul chuig críocha a bhfuil smacht aige orthu a urghabháil;

(r) a mheabhrú nach féidir a mheas gur tír shábháilte í an tSiria, go hiomlán ná go páirteach, d’fhilleadh na náisiúnach Siriach ar dídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn iad san Eoraip agus ar fud an domhain, ar daoine iad a theith ó choireanna an réimis agus a bheadh i mbaol céasta agus fuadach forfheidhmithe dá rachaidís ar ais chuig an tSiria; a athdhearbhú do thíortha óstacha, amhail an Tuirc, an Liobáin, an Iordáin, an Iaráic agus an Éigipt, nach tír shábháilte í an tSiria, go hiomlán ná go páirteach, agus nach féidir le náisiúnaigh na Siria filleadh go sábháilte uirthi dá bhrí sin; a chur i bhfáth nach mór do gach uile fhilleadh a bheith de thoil féin an duine agus a bheith faoi dhálaí dínite; a chur i bhfáth gur theith roinnt Siriach ó eagraíochtaí

sceimhlitheoireachta atá ag feidhmiú sa tSiria amhail ISIS; a chur i bhfáth go bhfuil limistéir sa tSiria ina bhfuil grúpaí jiohádacha agus mílístí foréigneacha fós gníomhach; aird a tharraingt ar thionchar na coinbhleachta sa tSiria ar na 438 000 dídeanaí Phalaistíneacha a mheastar a bheith sa tír agus atá ag brath go príomha ar Ghníomhaireacht na Náisiún Aontaithe um Fhóirithint agus Oibreacha ar mhaithe le Dídeanaithe Palaistíneacha sa Neasoirthear (UNRWA) dá mbunriachtanais; a chur in iúl gur cúis bhuartha dóibh staid airgeadais na Gníomhaireachta agus a iarraidh go gcuirfear dídeanaithe Palaistíneacha san áireamh ar bhealach níos fearr i bpleananna daonnúla an Aontais sa tSiria;

°

° °

2. á threorú dá hUachtarán an moladh seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ard-Ionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, agus é a aistriú go hAraibis agus a fhoilsiú in Araibis.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Ós rud é go bhfuil an saol mór ag féachaint arís ar an Meánoirthear, tá an tSiria fós ina tír ina bhfuil coimhlint dearmadta inti, in ainneoin go bhfuair leathmhilliún daoine bás agus go ndearnadh dídeanaithe as na milliúin daoine. Ní mhaireann deachtóireacht fhuilteach Assad ach amháin mar gheall ar thacaíocht na Rúise agus na hIaráine, agus feidhmíonn sí mar gheall fhichillín i straitéis díchobhsaithe réigiúnach na hIaráine. Tá cealla sceimhlitheoireachta fós gníomhach inti. Ní féidir síocháin a bheith ann gan ceartas, dídeanaithe a fhilleadh gan socrú polaitiúil agus normalú chaidreamh an Aontais leis an Damaisc gan athruithe suntasacha.

3 bliana tar éis don Pharlaimint rún a ghlacadh ar chomóradh 10 mbliana éirí amach na Siria atá á chur faoi chois go foréigneach agus na coinbhleachta ina dhiaidh sin atá fós ar siúl, tá an staid sa tír marbhánta, ar an drochuair, mura ndeachaigh sé in olcas. Tá an tSiria, faoi rialú Bashar Al-Assad, scriosta ag an ngáinneáil ar airm agus ar dhrugaí, agus tá a dheartháir i gceannas ar an aonad den arm atá freagrach as táirgeadh Captagon a éascú. Tá freagracht áirithe ar réimeas Al-Assad as bás leathmhilliún sibhialtach, scriosadh na tíre, easáitiú fhormhór an daonra agus céasadh agus fuadach éigeantach breis agus 100 000 duine. D’éirigh sé spleách freisin ar chúnamh míleata agus airgeadais ón Iaráin agus ón Rúis, agus lig sé dóibh leas a bhaint as acmhainní nádúrtha na tíre a shaothrú, agus muintir na Siria atá thíos leis. Tá ISIS agus grúpaí armtha agus sceimhlitheoireachta eile fós ina mbagairt thromchúiseach.

Cuireann an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha in aghaidh normalú ar bith den chaidirmh le réimeas Assad mura ndéanann sé Rún 2254 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme i gceart, lena n-áirítear trí phríosúnaigh pholaitiúla a scaoileadh saor, teaghlaigh na n-íospartach a chur ar an eolas maidir leis na daoine atá ar iarraidh agus íospartaigh fuadach forfheidhmithe agus stop a chur le gach ionsaí ar an gcabhair dhaonnúil agus gach bac uirthi. Cuirtear i bhfáth sa tuarascáil gur réamhriachtanas é an comhrac i gcoinne saoirse ó phionós sa tSiria d'aon réiteach amach anseo don ghéarchéim atá fós ar siúl, agus gur riachtanas morálta agus polaitiúil é don Eoraip agus don chomhphobal idirnáisiúnta. Ní mór don Aontas agus a Bhallstáit leanúint de thacú le hiarrachtaí ceannairí réimeas na Siria a thabhairt os comhair na cúirte. Ní mór don phobal idirnáisiúnta a chabhair dhaonnúil a mhéadú freisin go práinneach do na 15.3 milliún Siriach atá ag brath uirthi go laethúil.

## IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

De bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuair sí ionchur ó na heintitis nó ó na daoine a leanas in ullmhú na tuarascála, go dtí go nglacfar sa choiste í:

| **Eintiteas agus/nó duine** |
|---|
| PAX |
| 11.11.11 |
| Women Support Unit |
| Midad organisation |
| Euro-Syrian Democratic Forum |
| Brigitte Curmi, Ambassadrice de France pour la Syrie |
| Hélène Le Gal, Service européen pour l'action extérieure |
| Michel Duclos, Special Advisor and Resident Senior Fellow, Geopolitics and Diplomacy at Institut Montaigne |
| Kristina Kausch, Deputy Managing Director & Senior Fellow, GMF |
| Firas Kontar, French-Syrian human rights activist, political scientist and jurist |
| Manon-Nour Tannous, Doctor in International Relations, lecturer at the University of Reims Champagne Ardenne |

Déantar an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 13.2.2024 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 45<br>–: 5<br>0: 5 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alviina Alametsä, Alexander Alexandrov Yordanov, François Alfonsi, Maria Arena, Petras Auštrevičius, Traian Băsescu, Krzysztof Brejza, Fabio Massimo Castaldo, Włodzimierz Cimoszewicz, Michael Gahler, Kinga Gál, Giorgos Georgiou, Sunčana Glavak, Bernard Guetta, Sandra Kalniete, Dietmar Köster, Andrius Kubilius, Ilhan Kyuchyuk, David Lega, Miriam Lexmann, Nathalie Loiseau, Leopoldo López Gil, Antonio López-Istúriz White, Jaak Madison, Thierry Mariani, Pedro Marques, David McAllister, Vangelis Meimarakis, Sven Mikser, Francisco José Millán Mon, Alessandra Moretti, Javier Nart, Gheorghe-Vlad Nistor, Demetris Papadakis, Kostas Papadakis, Tonino Picula, Thijs Reuten, Nacho Sánchez Amor, Mounir Satouri, Andreas Schieder, Jordi Solé, Dominik Tarczyński, Hermann Tertsch, Dragoş Tudorache, Viola von Cramon-Taubadel, Thomas Waitz, Charlie Weimers, Isabel Wiseler-Lima, Bernhard Zimniok, Željana Zovko |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Christophe Grudler, Andrzej Halicki, Georgios Kyrtsos, Katrin Langensiepen, Christian Sagartz, Mick Wallace |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 46 | + |
|---|---|
| PPE | Alexander Alexandrov Yordanov, Traian Băsescu, Krzysztof Brejza, Michael Gahler, Sunčana Glavak, Andrzej Halicki, Sandra Kalniete, Andrius Kubilius, David Lega, Miriam Lexmann, Leopoldo López Gil, Antonio López-Istúriz White, David McAllister, Vangelis Meimarakis, Francisco José Millán Mon, Gheorghe-Vlad Nistor, Christian Sagartz, Isabel Wiseler-Lima, Željana Zovko |
| Renew | Petras Auštrevičius, Fabio Massimo Castaldo, Christophe Grudler, Bernard Guetta, Georgios Kyrtsos, Ilhan Kyuchyuk, Nathalie Loiseau, Javier Nart, Dragoş Tudorache |
| S&D | Maria Arena, Włodzimierz Cimoszewicz, Dietmar Köster, Pedro Marques, Sven Mikser, Alessandra Moretti, Demetris Papadakis, Tonino Picula, Thijs Reuten, Nacho Sánchez Amor, Andreas Schieder |
| Verts/ALE | Alviina Alametsä, François Alfonsi, Katrin Langensiepen, Mounir Satouri, Jordi Solé, Viola von Cramon-Taubadel, Thomas Waitz |

| 5 | - |
|---|---|
| ID | Thierry Mariani, Bernhard Zimniok |
| NI | Kostas Papadakis |
| The Left | Giorgos Georgiou, Mick Wallace |

| 5 | 0 |
|---|---|
| ECR | Dominik Tarczyński, Hermann Tertsch, Charlie Weimers |
| ID | Jaak Madison |
| NI | Kinga Gál |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh